2025/1734 13.8.2025

**CINNEADH (AE) 2025/1734 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH**

**an 31 Iúil 2025**

**maidir le coimircí i ndáil le rochtain ag contrapháirtithe lárnacha ar chreidmheas thar oíche an Eurochórais in TARGET (*BCE/2025/29*)**

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 127(2), an chéad fhleasc agus an ceathrú fleasc de, agus d'Airteagal 127(5) de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 3.1 agus Airteagail 17, 18 agus 22 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoi Threoirlíne (AE) 2022/912 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/8), féadfaidh bainc cheannais ([1]) náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu ('BCNanna sa limistéar euro' anseo feasta) creidmheas thar oíche a sholáthar trí shaoráid ghéarchéime thiomnaithe do chontrapháirtithe lárnacha (CPL) (dá ngairtear 'saoráid chreidmheasa CPL' anseo feasta). Ní mór do CPLanna den sórt sin a bheith bunaithe sa limistéar euro agus ní mór dóibh na ceanglais a leagtar amach i dTreoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8) (dá ngairtear 'CPLanna incháilithe' anseo feasta) a chomhlíonadh. I gcásanna nach mbeidh creidmheas ionlae aisíoctha ag deireadh lae ag CPLanna incháilithe, féadfaidh siad rochtain a fháil ar shaoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh tríd an gcreidmheas ionlae gan íoc a thar-rolladh go huathoibríoch gan gá formheas roimhe ré a iarriadh ón gComhairle Rialaithe.

(2) Maidir leis an euro mar airgeadra, feidhmíonn bainc cheannais an Eurochórais feidhm an bhainc ceannais eisiúna i dteannta a chéile maidir le CPLanna. I bhfianaise na feidhme sin, cuirtear i bhfeidhm ceanglais a bhaineann le coimircí maidir le fóntacht airgeadais agus bainistiú fónta riosca leachtachta nach mór do chontrapháirtithe lárnacha incháilithe a chomhlíonadh chomh maith leis an modh chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas sin.

(3) Tá gá le coimircí i ndáil leis an tsaoráid chreidmheasa CPL chun a áirithiú nach bhféadfaidh ach CPLanna incháilithe atá fónta ó thaobh airgeadais de agus a bhfuil bainistiú riosca leachtachta fónta i bhfeidhm acu rochtain a fháil ar shaoráid chreidmheasa an CPL. Áirithítear le bainistiú fónta riosca leachtachta go bhfuil rialuithe riosca leachtachta leordhóthanacha i bhfeidhm ag CPLanna incháilithe, lena n-áirítear le haghaidh cásanna géarchéime nach meastar go rachaidh CPLanna incháilithe i muinín shaoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh, nó — i gcás ina bhfuil rochtain den sórt sin ar fáil do chontrapháirtithe lárnacha atá údaraithe mar institiúidí creidmheasa faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) — ar oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais. Ba cheart feidhm a bheith ag coimircí maidir le fóntacht airgeadais agus bainistiú riosca leachtachta fónta maidir le gach contrapháirtí lárnach incháilithe, lena n-áirítear iad siúd atá údaraithe mar institiúidí creidmheasa faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

(4) Ba cheart do bhainc cheannais an Eurochórais measúnú a dhéanamh ar bhealach réamhbhreathnaitheach ar chomhlíonadh na gceanglas a bhaineann leis na coimircí maidir le fóntacht airgeadais agus bainistiú riosca leachtachta fónta ag contrapháirtithe lárnacha incháilithe. Dá bhrí sin, ní mór do CPLanna incháilithe na ceanglais sin a chomhlíonadh — ar bhonn leanúnach agus gan aon amhras a mhéid a bhaineann lena gcomhlíonadh leanúnach agus amach anseo. Is coinníoll riachtanach é comhlíonadh na gceanglas rialála a bhunaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) i ndáil le caipiteal, corrlach, ciste mainneachtana, acmhainní airgeadais eile agus rialuithe riosca leachtachta chun measúnú a dhéanamh ar fhóntacht airgeadais agus ar bhainistiú riosca leachtachta fónta ag bainc cheannais an Eurochórais i ndáil le rochtain a dheonú ar shaoráid chreidmheasa CPL.

([1]) Treoirlíne (AE) 2022/912 ón mBanc Ceannais Eorpach an 24 Feabhra 2022 maidir le hUathchóras Mearaistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET) nua giniúna agus lena n-aisghairtear Treoirlíne BCE/2012/27 (BCE/2022/8) (IO L 163, 17.6.2022, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2022/912/oj).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/648/oj).

(5) Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na forálacha a leagtar amach sa Chinneadh seo, is gá cumhachtaí na Comhairle Rialaithe a shonrú chun cinneadh a dhéanamh maidir le bearta lánroghnacha i gcásanna nach gcomhlíonann CPL incháilithe na ceanglais a bhaineann leis na coimircí maidir le fóntacht airgeadais agus bainistiú riosca leachtachta fónta. Is gá freisin na pionóis is infheidhme a shonrú i gcásanna ina mbeidh teorainn leis an rochtain atá ag contrapháirtí lárnach ar shaoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh agus ina sáróidh an contrapháirtí lárnach an leibhéal srianta rochtana, nó ina rachaidh sé i muinín na saoráide creidmheasa CPL de shárú ar cheanglais ábhartha a bhaineann le rialuithe riosca leachtachta. Maidir leis na pionóis, ba cheart go mbeadh dóthain cumarsáide idir oibreoirí córas comhpháirteanna TARGET agus feidhm bhanc ceannais eisiúna bhainc cheannais an Eurochórais chun comhlíonadh phrionsabal *ne bis in idem* a áirithiú.

(6) I gcás inarb ábhartha, ba cheart na ceanglais a bhaineann leis na coimircí maidir le fóntacht airgeadais agus bainistiú riosca leachtachta fónta, lena n-áirítear na bearta lánroghnacha gaolmhara agus na pionóis is infheidhme, a léiriú sna socruithe conarthacha a tugadh i gcrích idir na contrapháirtithe lárnacha incháilithe agus BCNanna an limistéir euro i ndáil le saoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh.

(7) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Chinnidh seo a ailíniú le dáta chur i bhfeidhm na leasuithe ar Threoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8) a bhaineann leis an tsaoráid chreidmheasa CPL, is é sin 6 Deireadh Fómhair 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'contrapháirtí lárnach' nó 'CPL' contrapháirtí lárnach atá údaraithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

(2) ciallaíonn 'CPL incháilithe' CPL incháilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (26a), de Threoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8);

(3) ciallaíonn 'saoráid chreidmheasa CPL' an tsaoráid chreidmheasa CPL mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (18a), de Threoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8);

(4) ciallaíonn 'BCN sa limistéir euro' BCN sa limistéir euro mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (27), de Threoirlínte (AE) 2022/912 (BCE/2022/8);

(5) ciallaíonn 'banc ceannais an Eurochórais' an Banc Ceannais Eorpach (BCE) nó BCN sa limistéar euro;

(6) ciallaíonn 'socrú cistiúcháin phríobháidigh' socrú cistiúcháin seachas saoráid iasachtaíochta a d'fhéadfadh a bheith inrochtana trí BCN sa limistéar euro;

(7) ciallaíonn 'soláthraí leachtachta príobháidí' soláthraí leachtachta seachas BCN sa limistéar euro.

*Airteagal 2*

**Ceanglais a bhaineann le coimircí maidir le fóntacht airgeadais**

1. D'fhonn a bhfóntacht airgeadais a chosaint, comhlíonfaidh na contrapháirtithe lárnacha incháilithe na ceanglais seo a leanas ar bhonn leanúnach:

(a) na ceanglais chaipitil de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

(b) na ceanglais éarlaise de bhun Airteagal 41 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

(c) na ceanglais i ndáil le hacmhainní airgeadais réamh-mhaoinithe de bhun Airteagail 42 agus 43 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

2. I gcás mainneachtain comhalta imréitigh CPL i gcás ina ndéanann an CPL a phróiseas bainistithe mainneachtana i gcomhréir le hAirteagail 45 agus 48 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus, dá thoradh sin, ina n-úsáideann sé na héarlaisí arna mbreacadh ag an gcomhalta imréitigh mainneachtana agus na hacmhainní airgeadais réamh-mhaoinithe dá dtagraítear in Airteagail 42 agus 43 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) beidh acmhainní airgeadais réamh-mhaoinithe leordhóthanacha ag an gcontrapháirtí lárnach, lena n-áirítear na héarlaisí arna mbreacadh ag an gcomhalta imréitigh mainneachtana agus na hacmhainní airgeadais réamh-mhaoinithe, mar a leagtar amach in Airteagail 42 agus 43 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, chun caillteanais chreidmheasa a thabhaítear mar thoradh ar an bpróiseas bainistithe mainneachtana a chumhdach;

(b) ar bhonn an mheasúnaithe arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 4, féadfaidh bainc cheannais an Eurochórais a chinneadh an ceanglas a leagtar amach i mír 1, pointe (c) a tharscaoileadh go sealadach, i gcás ina gcuirfidh an CPL plean i láthair chun acmhainní airgeadais réamh-mhaoinithe a athshlánú mar a leagtar amach in Airteagail 42 agus 43 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ar bhealach inchreidte agus tráthúil.

3. Ní mheasfar aon chontrapháirtí lárnach a mheastar go bhfuil ag cliseadh air nó gur dócha go gclisfidh air mar a chinntear faoi Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) a bheith fónta ó thaobh airgeadais de.

*Airteagal 3*

**Ceanglais a bhaineann le coimircí maidir le bainistiú riosca leachtachta fónta**

1. D'fhonn a mbainistiú riosca leachtachta fónta maidir leis an euro a choimirciú, comhlíonfaidh contrapháirtithe lárnacha incháilithe na ceanglais seo a leanas ar bhonn leanúnach:

(a) rialuithe riosca leachtachta a bheith i bhfeidhm chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar shaoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh nó — i gcás ina bhfuil rochtain den sórt sin ar fáil do chontrapháirtithe lárnacha atá údaraithe mar institiúidí creidmheasa faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 — ar oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais:

(i) a bheith ina rogha dheiridh;

(ii) beidh siad teoranta do chásanna a d'fhéadfadh, mar gheall ar a ndéine, dúshláin shuntasacha a chruthú do bhainistiú leachtachta an CPL ('cásanna géarchéime');

(iii) beidh siad ina bhfoinse shealadach chistiúcháin ar bhonn plean inchreidte chun an méid a úsáidtear faoin tsaoráid chreidmheasa CPL a aisíoc nó — i gcás ina bhfuil rochtain den sórt sin ar fáil do CPLanna atá údaraithe mar institiúidí creidmheasa faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 — faoi oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais a luaithe is féidir;

(iv) ní bheidh siad chun oibleagáidí íocaíochta a chomhlíonadh i ndáil le hairgeadraí seachas an euro;

(b) comhlíonann siad na ceanglais i ndáil le rialuithe riosca leachtachta i gcomhréir le hAirteagal 44 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

2. I gcás mainneachtain comhalta imréitigh i gcás ina ndéanann an CPL a phróiseas bainistithe mainneachtana i gcomhréir le hAirteagail 45 agus 48 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus, dá thoradh sin, ina n-úsáideann sé na hacmhainní leachtacha dá dtagraítear in Airteagal 44 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) maidir leis an gceanglas a leagtar amach i mír 1, pointe (a), féadfar an measúnú arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 4 a dhéanamh tar éis don CPL an próiseas bainistithe mainneachtana a chur i gcrích;

(b) ar bhonn an mheasúnaithe arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 4, féadfaidh bainc cheannais an Eurochórais a chinneadh an ceanglas a leagtar amach i mír 1, pointe (b), a tharscaoileadh go sealadach, i gcás ina gcuirfidh an CPL plean i láthair chun na hacmhainní leachtacha dá dtagraítear in Airteagal 44 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a athshlánú ar bhealach inchreidte agus tráthúil.

([4]) Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1095/2010, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 806/2014 agus (AE) 2015/2365 agus Treoracha 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2007/36/CE, 2014/59/AE agus (AE) 2017/1132 (IO L 22, 22.1.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/23/oj).

3. Chun measúnú a dhéanamh an gcomhlíonann CPL mír 1, pointe (a), féadfar an méid seo a leanas a chur san áireamh:

(a) an riosca leachtachta i ngeall ar róspleáchas ar shocrú cistiúcháin phríobháidigh de chineál amháin;

(b) an riosca leachtachta mar gheall ar róspleáchas ar líon róbheag soláthraithe leachtachta príobháideacha;

(c) an riosca leachtachta mar gheall ar an líon íseal soláthraithe leachtachta príobháidí an CPL a bhfuil rochtain acu ar oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais.

4. Maidir le mír 1, pointe (b), féadfaidh bainc cheannais an Eurochórais an méid seo a leanas a chur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá na socruithe cistiúcháin phríobháidigh réamhshocraithe agus an-iontaofa, lena n-áirítear faoi dhálaí anáis sa mhargadh:

(a) raon feidhme agus méid an díchill chuí a bhfuil socruithe cistiúcháin príobháideacha faoina réir ag an CPL;

(b) cuimsitheacht agus minicíocht na tástála ar rochtain ar shocruithe cistiúcháin phríobháidigh, agus an mhodheolaíocht agus comhthéacs an cháis struis a úsáidtear chun na críche sin;

(c) bailíochtú na dtorthaí tástála, go háirithe i ndáil le méideanna measta an tsoláthair leachtachta ar bhonn na socruithe cistiúcháin príobháideacha.

*Airteagal 4*

**Measúnú ar choimircí**

1. Déanfaidh bainc cheannais an Eurochórais measúnuithe ar chomhlíonadh na gceanglas a bhaineann le coimircí maidir le fóntacht airgeadais agus bainistiú riosca leachtachta fónta dá bhforáiltear in Airteagail 2 agus 3 ag contrapháirtithe lárnacha incháilithe ar bhonn ráithiúil agus ar bhealach réamhbhreathnaitheach.

2. Má tharlaíonn teagmhas idir na measúnuithe ráithiúla dá bhforáiltear i mír 1 a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar imní maidir le fóntacht airgeadais agus bainistiú riosca leachtachta CPL incháilithe, déanfaidh bainc cheannais an Eurochórais measúnuithe ócáideacha freisin ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le fóntacht airgeadais agus bainistiú riosca leachtachta fónta ag contrapháirtí lárnach incháilithe dá bhforáiltear in Airteagail 2 agus 3, lena n-áirítear trí fhaireachán treisithe ad hoc agus ar bhealach réamhbhreathnaitheach.

3. Chun críche na measúnuithe dá bhforáiltear i mír 1 agus i mír 2, féadfar an fhaisnéis seo a leanas a chur san áireamh:

(a) faisnéis chainníochtúil maidir le caipiteal, corrlach, ciste mainneachtana, acmhainní airgeadais eile agus rialuithe riosca leachtachta a thuairiscítear i gcomhthéacs Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

(b) aon fhaisnéis bhreise maidir le caipiteal, corrlach, ciste mainneachtana, acmhainní airgeadais eile agus rialuithe riosca leachtachta;

(c) faisnéis faoi eilimintí a liostaítear in Airteagal 3(1), pointe (a), i ndáil le rialuithe riosca leachtachta CPL i ndáil le cásanna struis;

(d) aon fhaisnéis eile a mheastar a bheith ábhartha, go háirithe má chuireann sí ábhair mhóra imní in iúl maidir le fóntacht airgeadais, bainistiú fónta riosca leachtachta, creat ginearálta bainistithe riosca agus rialachas an chontrapháirtí lárnaigh.

4. Soláthróidh an contrapháirtí lárnach incháilithe an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3, má iarrann an BCN ábhartha sa limistéar euro air sin a dhéanamh.

*Airteagal 5*

**Bearta lánroghnacha**

1. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe a chinneadh bearta lánroghnacha a ghlacadh, a athbhreithniú nó a dhíchur maidir le saoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh ar fhorais stuamachta. Cuirfidh BCN an limistéir euro na bearta sin i bhfeidhm agus áireofar orthu:

(a) úsáid na sócmhainní arna slógadh mar chomhthaobhacht chun críocha shaoráid chreidmheasa an CPL a dhiúltú, a theorannú nó caolchorrlaigh luachála fhorlíontacha a chur i bhfeidhm maidir leo;

(b) rochtain ar shaoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh a theorannú, a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh mar a shonraítear tuilleadh i míreanna 3 go 7.

2. Áiritheoidh an Chomhairle Rialaithe go nglacfar na bearta dá dtagraítear i mír 1 ar dhóigh chomhréireach agus neamh-idirdhealaitheach agus go mbeidh údar cuí leo.

3. Mura gcinnfidh an Chomhairle Rialaithe a mhalairt, beidh rochtain ag contrapháirtí lárnach nach gcomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2 agus in Airteagal 3 ar shaoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh arna teorannú go huathoibríoch ar fhorais stuamachta. Mura ndéanfar an comhlíonadh a athbhunú trí bhearta leordhóthanacha tráthúla ar a dhéanaí laistigh de 16 seachtaine ón dáta a chinnfear neamhchomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 2 agus 3 ar bhonn na measúnuithe dá bhforáiltear in Airteagal 4, cuirfear rochtain an CPL ar shaoráid chreidmheasa an CPL ar fionraí ar fhorais stuamachta. Cuirfidh BCN an limistéir euro na bearta sin i bhfeidhm.

4. Gan dochar do na bearta dá dtagraítear faoi mhír 3, féadfar rochtain ar an tsaoráid chreidmheasa CPL a theorannú nó a fhionraí ar fhorais stuamachta do chontrapháirtí lárnach incháilithe a bhfuil an fhaisnéis is gá ina leith chun críche na measúnuithe dá bhforáiltear faoi Airteagal 4 neamhiomlán nó nach gcuirtear ar fáil do bhainc cheannais an Eurochórais í. Tabharfar rochtain ar ais a luaithe a bheidh an fhaisnéis ábhartha ar fáil do bhainc cheannais an Eurochórais agus a luaithe a mheasfar go gcomhlíonann an contrapháirtí lárnach ceanglais Airteagail 2 agus 3.

5. Nuair a bheidh teorainn curtha leis an rochtain ar shaoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh dá bhforáiltear san Airteagal seo, féadfaidh an contrapháirtí lárnach incháilithe ábhartha leibhéal srianta rochtana ar shaoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh a choimeád. Mura gcinnfidh an Chomhairle Rialaithe a mhalairt, comhfhreagróidh an leibhéal srianta rochtana sin do leibhéal úsáide shaoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh tráth a dtagann bainc cheannais an Eurochórais ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

(a) sa chás a leagtar amach i mír 3, neamhchomhlíonadh an CPL incháilithe ábhartha leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 2 agus 3;

(b) sa chás a leagtar amach i mír 4, neamhiomláine nó neamh-infhaighteacht na faisnéise is gá chun críche na measúnuithe dá bhforáiltear faoi Airteagal 4.

6. I gcás ina gcuirfear rochtain ar shaoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh dá bhforáiltear san Airteagal seo ar fionraí, tiocfaidh aon chreidmheas gan íoc chun bheith inaisíoctha go hiomlán láithreach.

7. I gcás ina gcuirfear deireadh leis an rochtain ar shaoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh dá bhforáiltear san Airteagal seo, tiocfaidh aon chreidmheas gan íoc chun bheith inaisíoctha go hiomlán láithreach agus scoirfidh an contrapháirtí lárnach a bheidh faoi réir an fhoirceanta sin de bheith incháilithe láithreach chun rochtain a fháil ar shaoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh.

*Airteagal 6*

**Pionóis i ndáil le coimircí agus bearta lánroghnacha**

1. Mura gcinnfidh an Chomhairle Rialaithe a mhalairt, cuirfidh BCN an limistéir euro faoi seach pionóis i bhfeidhm sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina mbeidh rochtain contrapháirtí lárnaigh ar shaoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh teoranta i gcomhréir le hAirteagal 5 agus go sáróidh an contrapháirtí lárnach an leibhéal srianta rochtana; nó

(b) i gcás ina rachaidh CPL i muinín na saoráide creidmheasa CPL de shárú ar Airteagal 3(1), pointe (a).

2. Is i bhfoirm rátaí úis pionóis a bheidh na pionóis dá dtagraítear i mír 1, a ríomhfar i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) Iarscríbhinn I, Cuid II, Airteagal 12a(3), pointe (a), a ghabhann le Treoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8), má tharlaíonn an cás a leagtar amach i mír 1, pointe (a) nó pointe (b), den chéad uair laistigh d'aon tréimhse 12 mhí;

(b) Iarscríbhinn I, Cuid II, Airteagal 12a(3), pointe (b), a ghabhann le Treoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8), má tharlaíonn an cás a leagtar amach i mír 1, pointe (a) nó pointe (b), den dara huair ar a laghad laistigh den tréimhse 12 mhí chéanna.

3. Cuirfear na rátaí úis pionóis dá dtagraítear i mír 2 i bhfeidhm maidir leis an méid seo a leanas:

(a) sa chás a leagtar amach i mír 1, pointe (a), an méid a úsáidtear faoin tsaoráid chreidmheasa CPL os cionn an leibhéil shrianta rochtana a shocraítear mar theorainn cheadaithe; nó

(b) sa chás a leagtar amach i mír 1, pointe (b), an méid iomlán a úsáidtear faoin tsaoráid chreidmheasa CPL.

*Airteagal 7*

**Cur chun feidhme trí shocruithe conarthacha**

Déanfaidh BCNanna an limistéir euro na bearta is gá chun Airteagail 2 go 6 a chur chun feidhme trí shocruithe conarthacha le contrapháirtithe lárnacha incháilithe i gcás inarb ábhartha, faoin dáta dá dtagraítear in Airteagal 8(2).

*Airteagal 8*

**Teacht i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ón 6 Deireadh Fómhair 2025.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 31 Iúil 2025.

*Uachtarán BCE*
Christine LAGARDE